Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0226(COD)**

**11592/23**
**ADD 5**

**AGRI 382**
**AGRILEG 126**
**ENV 824**
**CODEC 1316**
**IA 171**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 413 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR Achoimre Feidhmiúcháin ar an tuarscáil ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 413 final.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 413 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.7.2023
SWD(2023) 413 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

**Achoimre Feidhmiúcháin ar an tuarscáil ar an measúnú tionchair**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625**

{COM(2023) 411 final} - {SEC(2023) 411 final} - {SWD(2023) 411 final} - {SWD(2023) 412 final}

## RÉAMHRÁ

Soláthraíonn teicnící géanómaíocha nua (TGNanna) deiseanna nua chun ábhar géiniteach orgánaigh a athrú, rud a fhágann gur féidir cineálacha plandaí a fhorbairt le saintréithe sonracha. Tháinig staidéar an Choimisiúin in Aibreán 2021 ar an gconclúid gur gá an reachtaíocht atá ann faoi láthair a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch i gcás roinnt TGNanna agus a dtáirgí. Tháinig an staidéar ar an gconclúid freisin go bhféadfadh plandaí a fuarthas le TGNanna rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus a Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'.

Cumhdaítear le raon feidhme an tionscnaimh seo ná plandaí a tháirgtear trí shó- ghineas spriocdhírithe agus cisgineas agus a mbia agus a mbeatha. Tá fianaise shuntasach ar fáil maidir le sábháilteacht plandaí a fhaightear trí shó- ghineas spriocdhírithe agus trí chisgineas. Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) ar an gconclúid nach bhfuil aon ghuais nua ann a bhaineann go sonrach leis na teicnící sin agus, ar bhonn cás ar chás, go bhféadfadh sé go mbeadh gá le méid níos lú sonraí chun measúnú riosca a dhéanamh orthu i gcomparáid le trasgineas. Ina theannta sin, is féidir le só- ghineas spriocdhírithe agus cisgineas athruithe a dhéanamh ar féidir iad a fháil go nádúrtha nó trí phórú traidisiúnta i gcásanna áirithe.

D'fhéadfadh an cineál feidhmeanna plandaí atá go feiceálach sa phíblíne taighde agus forbartha, mar aon le hinfheidhmeacht measartha éasca agus tapa na dteicnící nua seo, buntáistí a sholáthar d'fheirmeoirí, do thomhaltóirí agus don chomhshaol.

### AN FHADHB A SHAINIÚ

Is é is aidhm don tionscnamh dul i ngleic le trí fhadhb:

- Níl an nós imeachta údaraithe ná na ceanglais maidir le measúnú riosca na reachtaíochta atá ann faoi láthair maidir le OGM curtha in oiriúint don éagsúlacht de tháirgí plandaí féideartha is féidir a fháil trí shó- ghineas spriocdhírithe agus trí chisgineas, agus mar thoradh air sin tá siad díréireach nó easnamhach i gcásanna áirithe.
- Cruthaíonn an reachtaíocht OGM atá ann faoi láthair dúshláin maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú do phlandaí áirithe arna dtáirgeadh trí shó- ghineas spriocdhírithe nó cisgineas, go háirithe plandaí TGN nach féidir modh braite sonrach a sholáthar dóibh.
- Ní chuidíonn an reachtaíocht OGM atá ann faoi láthair, a chuirtear i bhfeidhm ar TGNanna, le táirgí nuálacha tairbhiúla a fhorbairt.

Áirítear ar na cúiseanna leis na fadhbanna sin go bhfuil an creat atá ann faoi láthair chun deiridh ar fhorbairtí eolaíocha agus nach bhfuil sé ceaptha chun táirgí nuálacha TGN a fhorbairt agus chun iad a chur ar an margadh.

### CAD CHUIGE AR CHEART DON AONTAS EORPACH GNÍOMHÚ?

Tá gníomhaíocht an Aontais fíor- riachtanach chun ardleibhéal comhchuibhithe cosanta a bhaint amach do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe agus don chomhshaol i ndáil le plandaí TGN agus a mbia agus a mbeatha ionas gur féidir leo gluaiseacht gan bhac laistigh de mhargadh inmheánach dea- fheidhmiúil. Tá géarghá freisin le hinfhaighteacht cineálacha plandaí a áirithiú a d'fhéadfadh rannchuidiú le dúshláin amhail slándáil bia, an t- athrú aeráide agus laghdú na bithéagsúlachta, rud atá níos measa fós mar gheall ar an ngéarchéim gheopholaitiúil agus fuinnimh atá ann faoi láthair san Eoraip. Aithnítear sa Straitéis 'Ón

bhFeirm go dtí an Forc' an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an mbith- theicneolaíocht chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, ar dhúshláin iad a bhfuil gá le freagairt uile- Aontais ina leith.

**CUSPÓIRÍ**

Is iad cuspóirí ginearálta an tionscnaimh seo ardleibhéal cosanta a choinneáil ar bun do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe agus don chomhshaol, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim, chun forbairt agus cur ar an margadh plandaí agus táirgí plandaí a chumasú, rud a chuirfidh le cuspóirí nuálaíochta agus inbhuanaitheachta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na straitéisí 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus na Bithéagsúlachta agus chun feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus iomaíochas earnáil agraibhia an Aontais a fheabhsú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda, agus cothrom iomaíochta á cur ar fáil dá hoibreoirí. Is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha chun na cuspóirí ginearálta sin a chomhlíonadh:

1. Nósanna imeachta maidir le scaoileadh réamhbheartaithe agus cur ar an margadh a áirithíonn go bhfuil plandaí TGN agus táirgí díorthaithe bia/beatha chomh sábháilte lena gcontrapháirtithe traidisiúnta, ach gan ualach rialála nach bhfuil gá leis a bheith i gceist leo.
2. Scaoileadh réamhbheartaithe agus cur ar an margadh plandaí TGN agus táirgí díorthaithe bia/beatha lena mbaineann raon leathan speiceas plandaí agus saintréithe plandaí ag forbróirí éagsúla.
3. Tá saintréithe ag plandaí TGN a scaoiltear nó a chuirtear ar an margadh ar féidir leo cur le córas agraibhia inbhuanaithe.

**CÉARD IAD NA ROGHANNA BEARTAIS ATÁ AR FÁIL?**

I ndiaidh na mbeart féideartha a scagadh, rinneadh iad a ghrúpáil i gcúig rogha beartais:

1. Bunlíne: leanfaí de phlandaí a fhaightear trí shó- ghineas spriocdhírithe agus trí chisgineas a rialáil faoin reachtaíocht OGM atá ann faoi láthair agus faoina ceanglais maidir le measúnú riosca, údarú, inrianaitheacht agus lipéadú.
2. Rogha 1: chuirfí an reachtaíocht in oiriúint chun freastal ar phróifílí riosca éagsúla de phlandaí a fhaightear trí shó- ghineas spriocdhírithe agus trí chisgineas agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin bhraite, le hinrianaitheacht agus lipéadú mar atá sa bhunlíne.
3. Rogha 2: chuirfí an reachtaíocht in oiriúint chun freastal ar phróifílí riosca éagsúla de phlandaí a fhaightear trí shó- ghineas spriocdhírithe agus trí chisgineas, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin bhraite agus chun forbairt agus cur ar an margadh táirgí plandaí a d'fhéadfadh rannchuidiú le córas agraibhia inbhuanaithe a dhreasú trí dhreasachtaí rialála agus, mar roghanna malartacha lipéadaithe: lipéad GM a bhfuil lipéad inbhuanaitheachta nó ráiteas fíorasach maidir leis an tsaintréith a tugadh isteach ag gabháil leis, nó gan lipéad OGM i gcás ina bhféadfadh saintréith TGN rannchuidiú leis an inbhuanaitheacht.
4. Rogha 3: chuirfí an reachtaíocht in oiriúint chun freastal ar phróifílí riosca éagsúla de phlandaí a fhaightear trí shó- ghineas spriocdhírithe agus trí chisgineas agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin bhraite. Ina theannta sin, cheanglófaí ar iarratasóirí ar údarú a léiriú nach ndéanann an tsaintréith a tugadh isteach dochar don inbhuanaitheacht.

5. Rogha 4: nós imeachta um fhógra[1] maidir le plandaí a fhaightear trí shó- ghineas spriocdhírithe nó cisgineas a d'fhéadfadh tarlú go nádúrtha nó a tháirgeadh trí phórú traidisiúnta freisin, rud a láimhseálfaí mar an gcéanna le gnáthphlandaí; bhunófaí clár trédhearcachta do na plandaí sin. I gcás plandaí eile, bheadh roghanna 1, 2 nó 3 i bhfeidhm.

**AN ROGHA BEARTAIS AB FHEARR**

Is é an rogha beartais ab fhearr ná meascán de rogha 4 (i gcás plandaí TGN a d'fhéadfadh tarlú go nádúrtha nó a d'fhéadfaí a tháirgeadh trí phórú traidisiúnta) agus de rogha 2 (i gcás plandaí eile TGN). Sa dara ceann, is éard a bheadh sa lipéadú, lipéad lena sainaithnítear an táirge mar tháirge a fuarthas trí bhith- theicneolaíocht agus lena dtabharfaí ráiteas fíorasach maidir le cuspóir na saintréithe a tugadh isteach.

**TIONCHAIR NA ROGHA BEARTAIS AB FHEARR**

Leis an teaglaim de rogha 4 do tháirgí a d'fhéadfadh tarlú go nádúrtha nó a d'fhéadfaí a tháirgeadh trí phórú traidisiúnta agus de rogha 2 i gcás gach táirge eile, áirithítear a mhéid is mó is féidir go bhfuil plandaí TGN agus táirgí díorthaithe bia/beatha chomh sábháilte lena gcontrapháirtithe traidisiúnta, ach gan ualach rialála neamhriachtanach a bheith ag baint leo, go gcuirtear plandaí TGN agus táirgí díorthaithe bia/beatha ina bhfuil raon leathan speiceas plandaí agus saintréithe ó fhorbróirí éagsúla ar an margadh agus go bhfuil saintréithe ag baint leis na plandaí sin ar féidir leo rannchuidiú le córas agraibhia inbhuanaithe.

Trí phlandaí TGN a d'fhéadfadh tarlú go nádúrtha nó a d'fhéadfaí a tháirgeadh trí phórú traidisiúnta a chur faoi réir nós imeachta um fhógra a thabhairt, baintear amach sábháilteacht agus cinntítear ag an am céanna go bhfuil ceanglais comhréireach leis an riosca a bhaineann le plandaí TGN den sórt sin. Bíonn an tionchar dearfach is láidre go mór agus go fada aige ar fhorbairt agus ar chur ar an margadh táirgí TGN, ós rud é go mbíonn níos mó simplithe agus laghdú ar an ualach riaracháin d'iarratasóirí agus d'údaráis mar thoradh air. Léirítear leis an rogha seo freisin an acmhainneacht is airde chun rannchuidiú TGNanna le hinbhuanaitheacht an chórais agraibhia a éascú, i bhfianaise na píblíne forbartha agus i sineirgíocht le beartais agus forbairtí rialála an Aontais. Tá sé ar an gceann is buntáistí go mór do FBManna, ós rud é go dtiocfaidh laghdú substaintiúil ar chostais riaracháin agus chomhlíontachta, agus tá an tionchar is láidre aige ar an iomaíochas.

Le húdarú le measúnú oiriúnaithe riosca do phlandaí TGN nach gcumhdaítear leis an nós imeachta um fhógra a thabhairt, áirithítear sábháilteacht agus chomh maith leis sin comhréireacht trí na ceanglais sonraí maidir le measúnú riosca a chur in oiriúint do phróifílí riosca éagsúla de phlandaí TGN nach bhféadfadh tarlú go nádúrtha nó a d'fhéadfaí a tháirgeadh trí phórú traidisiúnta.Thabharfadh sé feabhsú breise, cé go mbeadh sé measartha ar bhealaí áirithe, maidir le tarraingteacht i ndáil le plandaí TGN den sórt sin a fhorbairt san Aontas. Laghduithe ar chostais d'iarratasóirí i gcomparáid leis an mbunlíne, idir íseal agus an- substaintiúil. Bheadh tionchair dhearfacha mheasartha ag dreasachtaí rialála i dtéarmaí stiúradh i dtreo saintréithe a bhfuil acmhainneacht inbhuanaitheachta acu agus d'éascódh siad rochtain ar an gcreat rialála agus fiosrú an chreat rialála, go háirithe do FBManna, ag tacú lena n- iomaíochas.

Bheadh plandaí TGN atá faoi réir údaraithe fós faoi réir inrianaitheachta agus lipéadaithe. Chomhlánófaí lipéadú le faisnéis faoi chuspóir an ghéinmhodhnaithe ionas go mbeadh

[1] Sa togra reachtach, is é 'nós imeachta fíorúcháin' an téarma a úsáidtear ar deireadh.

oibreoirí agus tomhaltóirí in ann roghanna eolasacha a dhéanamh agus tá coinne leis go spreagfaidh sé éileamh an mhargaidh ar tháirgí a bhfuil saintréithe tairbhiúla acu.

Maidir le plandaí TGN atá faoi réir údaraithe, bheadh uirlisí atá ann faoi láthair (inrianaitheacht, lipéadú, bearta cómhaireachtála náisiúnta) fós le fáil do shlabhraí soláthair nach n- úsáideann OGManna. Maidir le plandaí TGN atá faoi réir fógra a thabhairt, cheadódh bearta trédhearcachta rogha ag tús an tslabhra soláthair d'oibreoirí a bheith in ann cinneadh a dhéanamh TGNanna a úsáid nó a sheachaint. Chuirfeadh clár poiblí oibreoirí agus tomhaltóirí ar an eolas faoi phlandaí TGN a chomhlíon critéir an nós imeachta um fhógra a thabhairt.

Leis an rogha beartais ab fhearr, cruthaítear creat cumasúcháin lena bhfreastalaítear ar an éileamh ar chineálacha nua a bhfuil saintréithe acu a théann chun tairbhe an chomhshaoil, a thacaíonn le cleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe agus a chuireann sochair ar fáil do thomhaltóirí. Tá sé inchomparáide leis an gcur chuige a leantar i líon méadaitheach tríú tíortha agus is lú a chuirfeadh isteach ar an trádáil. D'áiritheofaí leis sin dlúthfhaireachán ar ghlacadh na dtáirgí TGN agus ar na tionchair eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta a ghabhann leo.